

Ráiteas Ciarán Ó hÓbáin
Ard-Rúnaí Cúnta
An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide,

Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal
Labhartha na Gaeilge

“An Fhoráil Dhlíthiúil: Go n-úsáidtear Logainmneacha Gaeilge
amháin ar Logainmneacha na Gaeltachta”

An 30 Samhain 2022

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leat a Chathaoirligh agus le Comhaltaí an Coiste as do chuireadh don Roinn freastal ar an gcruinniú seo inniu den Chomhchoiste maidir le húsáid logainmneacha sa Ghaeltacht.

Mar Roinn Rialtais, táimid meabhrach ar ár gcuid dualgas faoi réimse de reachtaíocht lena n-áirítear Acht na dTeangacha Oifigiúla, agus ar bheartas an Rialtais i dtaca le húsáid na Gaeilge.

Mar atá a fhios agat, tháinig an tAire Naughton os comhair an Choiste i mí an Mhárta anuraidh agus thug an tAire cuntas don Choiste ar roinnt sonraí maidir le Scéim Teanga na Roinne agus le hAcht na dTeangacha Oifigiúla agus shonraigh an tAire Naughton go gcomhlíonann an Roinn a Scéim Teanga féin agus Acht na dTeangacha Oifigiúla. Chuir an tAire Naughton in iúl don Choiste freisin, i dtaca le hÉirchóid, go bhfuil na socruithe iomchuí curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena chinntiú go mbaintear úsáid as logainmneacha oifigiúla na gceantar Gaeltachta mar réamhshocrú chun críche oifigiúla i gcomhréir leis an Scéim Teanga Oifigiúil againn, le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, leis an Acht Logainmneacha agus leis na hOrduithe Logainmneacha atá achtaithe.

Mar a d'iarr an Coiste ag an am, áfach, lorg an Roinn soiléiriú ar cé acu a bhí nó nach raibh a cuid oibleagáidí dlíthiúla á sárú aici faoina Scéim Gaeilge féin, agus, dá réir, faoi Acht na Gaeilge. Mar a míníodh sa chomhfhreagras a chuir muid chuig an gCoiste le déanaí,

aontaíonn Oifig an Ard-Aighne leis an Roinn nach bhfuil a Scéim Ghaeilge féin, ná Acht na dTeangacha Oifigiúla, á sárú aici.

Tá sonraithe ag Oifig an Ard-Aighne go bhfuil na socruithe cuí curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena chinntiú go n-úsáidtear logainmneacha oifigiúla na gceantar Gaeltachta mar réamhshocrú chun críche oifigiúla, i gcomhréir lenár Scéim Teanga Oifigiúil, le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, leis an Acht Logainmneacha agus leis na hOrduithe Logainmneacha atá achtaithe.

Go háirithe, i dtaca le tionscadal na nÉirchód, d'fhéach an Roinn, ó chéim deartha an tionscadail, i rith an ama, lena chinntiú go mbímid ag cloí lenár gcuid oibleagáidí dlíthiúla ó thaobh na Gaeilge de. Ansin, le linn chéim na hoibríochta, nuair a sainaithníodh neamhréireachtaí a bheith ann idir bunachair sonraí GeoDirectory agus bunachair sonraí Logainmeacha maidir le seoltaí Gaeilge, chuaigh an Roinn i mbun teagmhála in athuair leis na páirtithe leasmhara bainteacha. Is é an toradh a bhí air seo ná go ndéantar nuashonrú ar bhonn rialta ar aon neamhréireachtaí i dtaca le logainmneacha Gaeltachta i mbunachar sonraí GeoDirectory.

Leanann an Brainse Logainmneacha i gcónaí den nós comhad de logainmneacha athraithe nó nuashonraithe Gaeilge a chur ar fáil do Geodirectory An Post. Tá GeoDirectory An Post tar éis a chur in iúl don Roinn go gcuimsíonn an bunachar sonraí GeoDirectory sonraí logainmneacha oifigiúla, de réir mar atá curtha ar fáil ag an mBrainse

Logainmneacha agus go nuashonraíonn sé an bunachar sonraí go rialta le faisnéis arna cur ar fáil ag an eagrais céanna.

Ag breathnú chun cinn, leanfaidh an Roinn de bheith ag comhlíonadh a cuid dualgas faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, ar bhonn ginearálta agus, go sonrach, maidir le tionscadal na nÉirchód.

Táimid sásta aon cheisteanna a bheadh ag an gCoiste a fhreagairt.

Go raibh maith agat, a Chathaoirligh.